



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2003

STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL

(NÁ cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar)

FOINSÍ


1. PICTIÚIR

PICTIÚR A1



Foinse: www.stonepages.com


PICTIÚR A2



Foinse: *Dúchas – an tSeirbhís Oidhreacht*

[Thall

PICTIÚR B



Foinse: Dúchas – an tSeirbhís Oidhreachta

PICTIÚR C



*Foinse: “Meitheal an Fhómhair” le Peter Bruegel (1565)
Músaem Ealaine na Cathrach, Nua-Eabhrac.*

2. DOICIMÉID

DOICIMÉAD 1.

Cuntas ó dhuine a chonaic an t-ionsaí á dhéanamh ar phríosún an Bastille i bPáras, Iúil 14, 1789.

“Agus mo ghunna i mo lámh agam thug mé aghaidh ar mo cheantar féin. Ó tharla go bhfuair mé amach ar an tslí, go raibh siad ag tabhairt amach púdar ag an Hotel de Ville (Halla na Cathrach), bhrostaigh mé i dtreo na háite sin. Díreach agus mé ag fágáil an Hotel de Ville, chuala mé duine éigin ag rá go raibh an Bastille faoi léigear. D’ullmhaigh mé mo ghunna, chuir mé gréis air agus bhuaill mé bóthar i dteo an Bastille.

Beartaíodh go gcuirfí tús leis an ionsaí le lámhach muscaed. Scaoileamar leath-dhosaen urchar an duine. Ansin sáthadh páipéar amach trí scoilt cúpla orlach ar leithead; stadamar ag caitheamh agus chuaigh duine éigin chun clár a fháil agus leagadh síos mar dhroichead é ionas go bhféadfaimis dul chun an píosa páipéir a fháil.

Thosaigh fear amháin ag déanamh a shlí amach feadh an chláir ach díreach agus é ar an bpointe an páipéar a fháil, maraíodh le hurchar é agus thit sé isteach sa mhóta.....agus muid chun tosú ag caitheamh, scaoileadh síos droichead tógála beag.....

Bhí an geata taobh thiar den droichead tógála dúnta: tháinig saighdiúir chun é a oscailt agus chuir sé ceist orainn cad a bhí ag teastáil uainn. “Tabhair suas an Bastille” a dúirt mé agus b’shin a dúirt gach éinne eile chomh maith. Ansin scaoil sé isteach sinn.

Ansin chuaigh mé isteach i bpríomh-chlós an phríosúin. Tharla gur thugas stracfhéachaint ar log staighre ar mo thaobh clé, agus chonaic mé trí shaoránach a bhí tar éis dul suas cúig nó sé chéim agus bhíodar ag brostú anuas arís. Rith mé thall go dtí an log staighre láithreach....saighdiúir a bhí ann agus a dhrom liom. Dhírigh mé mo ghunna air agus mé ag liúraigh “Leag síos do chuid airm”. D’iompaigh sé timpeall agus ionadh air, leag sé síos a airm thine agus é a’ rá “A shaoránaigh ná maraigh mé....tá a fhios agat go gcaithfidh mé mo dhualgas a chomhlíonadh ach níor scaoil mé urchar.”

DOICIMÉAD 2.

Alt as an Cork Examiner, Meán Fómhair 17, 1847.

Seo sliocht as litir ó imirceoir, a chuir sé chuig duine dá cháirde sa chathair, agus a tháinig sa phost is déanaí ó Boston. Séard atá ann ná léiriú soiléir truamhéalach ar thubaiste na n-imirceoirí i gCeanada. Seoladh an litir ar an dáta thuas ón long *Bridgetown* atá ar ancaire in aice le hoileán Grosse, os comhair Quebec-áit de réir cosúlachta atá iompaithe ina reilig ollmhór.

“Shroicheamar an áit seo ar an 22 ú lá ó Learpholl, agus is oth liom a rá leat gur bhris an fiabhras amach, agus gurb í an fharraige an uaigh a bhí ag seachtó paisinéir agus mairnéalach amháin fad is a bhíomar ar an aistear. Tá cuid mhaith eile tinn. Chuireamar seisear ar an mórthír inné.

Tá an siúinéir agus an saor adhmaid gnóthach ag déanamh cónraí. Tá seisear eile tar éis bháis i rith na hoíche. Ní féidir liom a rá cathain a bheimid ábalta dul go Quebec de bhrí nach bhfuil cead againn an méid atá fágtha díobh sin atá tinn a chur i dtír faoi láthair. Níl aon slí sna hospidéal dóibh, cé go bhfuil taobh an oileáin os ár gcomhair clúdaithe le cábáin agus le pubaill.

Is uafásach iad na cuntais atá ag teacht chugainn ón mórthír agus maidir linne ar bord is deacair a shamhailt conas mar atá an scéal againn-páistí bochta gan tuismitheoirí ná éinne a bhaineann leo, an t-athair curtha san fharraige an tseachtain seo caite agus an mháthair an tseachtain roimhe sin- agus an seisear páiste ar an gcaoi chéanna tinn chomh maith agus mar sin de. Tá súil le Dia agam go dtabharfaidh Dia mé tríd an anachain seo-bhíos cúpla lá tinn ach tá feabhas tagtha orm.

Bhí an Captaen Wilson a’ rá nár bhraith sé féin ró-mhaith ar feadh cúpla lá. Is millteach an t-athrú é ón uair agus muid ag imeacht ónár dtír mhí-ámharach –le dóchas inár gcroíthe agus muid ag súil go bhféadfaimis slí bheatha a dhéanamh dúinn féin, rud a diúltaíodh dúinn sa bhaile- é go léir athraithe i gcuid mhaith cásanna go héadóchas searbh domhain.”